FÓMHAR DON TODHCHAÍ

Acmhainn Oideachas Forbartha OSSP don Iar-bhunscoil

Trócaire

CLÁR ÁBHAIR

Conas an Acmhainn seo a Úsáid 4

Plean Molta Teagaisc 5

Maidir le Trócaire 6

Cad is Oideachas Forbartha/Oideachas Saoránacht Dhomhanda ann? 7

Eochairfhocail 8
Ról an Cheistiúcháin Chriticiúil 8

Ceacht 1: SFI 2 – Deireadh le hOcras 9

Ceacht 2: Grinnscrúdaigh an Bia 10

Ceacht 3: Éagothroime Dhomhanda i nDáileadh an Bhia 12
– Bileog Oibre 1: Alt ón Nuachtán 14

Ceacht 4: Neamhdhaingne Bia 16

Ceacht 5: Fócas ar an tSiombáib 18
– Bileog Oibre 2: Scéal Thandekile 20

Ceacht 6: Fásaimis le Chéile! Talmhaíocht sa tSiombáib 22
– Bileog Oibre 3: Agra-éiceolaíocht 23

Ceacht 7: Fásaimis le Chéile! Ar Scoil 24
– Bileog Oibre 4: Smaoineamh faoin Todhchaí 26

Ceacht 8: Gníomhairí Athraithe 27

Tugann Thandekile (31) is a hiníon Nomatter (11), uisce chun an tí sa tSiombáib. Grianghraf: Cynthia R. Matonhodze

CONAS AN ACMHAINN SEO A ÚSÁID

Fáilte chuig **Fómhar don Todhchaí**, acmhainn oideachas forbartha OSPS Trócaire don lar-bhunscoil.

Cabhraíonn an acmhainn seo leis na hoidí is na daltaí na fadhbanna atá ag na teaghlaigh is na pobail **sa tSiombáib**, a thuiscint. Is iad seo **daingne bhia**, **athrú aeráide** agus **Covid-19**. Dírítear na gníomhaíochtaí ar thuiscint a fháil faoi chúrsaí reatha, agus smaoineamh ar straitéis a chuirfí i bhfeidhm leis na fadhbanna a leigheas ionas go mbeadh **todhchaí níos fearr** i ndán do chách. Bíonn cúpla abairt sa ghníomhaíocht a thabharfaidh deis don oide an obair a chur sa chomhthéacs ceart. Tuigimid go maith go mbraitheann an dearcadh a bhíonn ag daoine indibhidiúla ar chúrsaí domhanda, go mór ar an taithí shaoil a bhíonn acu féin. Mar sin molaimid go ndéanfá mionathruithe ar an ábhar seo má cheapann tú go mbeadh drochthionchar ag rud ar bith anseo ar ghrúpaí nó ar dhaoine leochaileacha.

OSPS: Torthaí Foghlama

Snáithe 2: Saoránacht Dhomhanda

2.5 Scrúdaítear cás-staidéar nó fianaise ó dhaoine i shuímh is ó thíortha éagsúla, a fhulaingíonn ón mbochtaineacht nó ón éagothroime, agus an bealach ina throideann siad ina n-aghaidh.

2.6 Tuairim fheasach a thabhairt mar gheall ar bhunchúiseanna an ocrais, bíodh sé ar bhonn áitiúil nó ar bhonn domhanda.

2.9 Anailís a dhéanamh ar fhadhb nó ar dhúshlán domhanda faoi na teidil seo: fáthanna, torthaí, tionchar ar shaol na ndaoine, moltaí faoi réiteach na faidhbe.

2.10 Measúnú a dhéanamh ar an réiteach a mholfaidís d'fhadhb dhomhanda amháin atá ann faoi láthair.

Na SFI

Spreagtar na daltaí san acmhainn seo le haire a thabhairt do na SFI éagsúla, agus iad seo ach go háirithe:

Ábhar Breise

Níl sa leabhrán seo ach eilimint amháin i bhfoireann acmhainní a chruthaíodh le húsáid don OSPS san lar-bhunscoil.

Luaitear na hacmhainní breise seo sna ngníomhaíochtaí agus áirítear iad seo ina measc:

- PowerPoint 'Fómhar don Todhchaí'
- Scéal SFI i bPaca Grianghraf
- Cluiche: Fómhar don Todhchaí

Tá níos mó le foghlaim uainne!

Má theastaíonn uait go mbeadh breis eolais agat faoin ábhar atá san acmhainn seo, is féidir leat clárú do na seisiúin FGL a chuirfear ar fáil d'oideachasóirí i mí Feabhra 2022. Pléifimid an acmhainn lena chéile, agus an bealach is fearr le hí a úsáid i gcomhar le hacmhainní breise atá ar fáil ar an suíomh idirlín. Is féidir clárú anseo.

PLEAN MOLTA TEAGAISC

Tá plean molta anseo leis an acmhainn a úsáid mar bhloc amháin. Is féidir an acmhainn a chur in oiriúint do na tosca áitiúla chomh maith.

Ceacht	OSPS Torthaí Foghlama	Ábhar	Gníomhaíochtaí
Ceacht 1: SFI 2 – Deireadh le hOcras	2.6	· PowerPoint Fómhar don Todhchaí · Grianghraif Iar-bhunscoile · Leathanaigh Mhóra Páipéir	1) Smaoinigh, Péireáil, Roinn 2) Ceistigh an Íomhá 3) Rangú na nÍomhánna 4) Inis Scéal le hÍomhánna
Ceacht 2: Grinnscrúdaigh an Bia	2.6	· Rochtain ar an Idirlíon · PowerPoint Fómhar don Todhchaí · Nótaí Greamaitheacha agus Marcóirí	1) Rás Phirimid an Bhia 2) Dúshlán na gCalraí 3) Cad as a dTagann ár mBia?
Ceacht 3: Éagothroime Dhomhanda i nDáileadh an Bhia	2.6	· PowerPoint Fómhar don Todhchaí · Bileog Oibre1: Alt ón Nuachtán	1) Ransú Smaointe 2) Ocras san Eoraip 3) Neamhdhaingne Bia sna Meáin
Ceacht 4: Neamhdhaingne Bia	2.6 agus 2.9	· Leathanaigh Mhóra Páipéir · Nótaí Greamaitheacha agus Marcóirí	1) Ocras Domhanda – Fíor nó Falsa? 2) Crann na Faidhbe 3) Díospóireacht Reatha
Ceacht 5: Fócas ar an tSiombáib	2.5	· PowerPoint Fómhar don Todhchaí · Bileog Oibre2: Scéal Thandekile · Rochtain ar an Idirlíon · Grianghraif SFI	1) An tSiombáib 2) Cás-Staidéar 3) Tacú le Pobal is le Teaghlaigh na Siombáibe
Ceacht 6: Fásaimis le Chéile! Talmhaíocht sa tSiombáib	2.5 agus 2.10	· Cluiche: Fómhar don Todhchaí · PowerPoint Fómhar don Todhchaí · Bileog Oibre3: Agra-éiceolaíocht · Rochtain ar an Idirlíon	1) Fómhar don Todhchaí 2) Agra-éiceolaíocht 3) Teacht Aniar
Ceacht 7: Fásaimis le Chéile! Ár Scoil	2.10	· Rochtain ar an Idirlíon · Bileog Oibre 4: Smaoineamh faoin Todhchaí	1) Fís don Todhchaí 2) Gairdín Scoile/Pobail
Ceacht 8: Gníomhairí Athraithe	2.10	· Ábhar Éagsúil Athchúrsáilte	1) Cruthaigh do Chluiche Féin

MAIDIR LE TRÓCAIRE

Ciallaíonn an focal 'Trócaire,' comhbhá. Le caoga bliain nach mór, tá Trócaire ag cur comhbhá mhuintir na hÉireann i ngníomh. Oibrímid i gcomhpháirtíocht leis an bpobal i mbreis agus fiche tír le deireadh a chur leis an mbochtaineacht agus le haghaidh a thabhairt ar an éagóir.

Tacaímid leis an bpobal a gcuid cumhachta féin a úsáid le hathruithe dearfacha fadtéarmacha a chur i bhfeidhm.

Bunaíodh Trócaire sa bhliain 1973 agus dhá aidhm rompu:

- Tacaíocht agus abhcóideacht a chur ar fáil do mhuintir an domhain atá bocht
- Oideachas a chur ar mhuintir na hÉireann maidir leis an mbochtaineacht dhomhanda is an ceartas

Creideann Trócaire gur rugadh na mná, na fir is na páistí ar fad ar bhonn an ionannais. Tuigimid go mbaineann an bhochtaineacht le hábhar eile seachas an easpa bunriachtanas amháin. Baineann sé le heaspa deiseanna, le heaspa cumhachta, easpa gutha agus easpa smachta ar an saol. Ní tharlaíonn an t-athrú fiúntach fadtéarmach go dtí go mbronntar a gcuid cearta bunúsacha ar an bpobal. Cabhraímid leis seo trí bheith ag obair i gcomhpháirtíocht leis an bpobal áitiúil a fhulaingíonn ón mbochtaineacht agus ón éagóir.

Ciallaíonn **an Chomhpháirtíocht** go n-oibrímid le daoine indibhidiúla, leis an bpobal agus le heagraíochtaí áitiúla, na hathruithe atá uathu a chur i bhfeidhm. Bunaítear an chomhpháirtíocht ar an meas, an dlúthpháirtíocht is an cumhachtú.

Bíonn oideachas forbartha Trócaire fréamhaithe go maith sna Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, ar a dtugtar Spriocanna Domhanda orthu chomh maith. Ciallaíonn an fhorbairt inbhuanaithe go ndéantar é ar bhealach nach ndéanfaidh damáiste do na glúine atá le teacht, agus nach mbeidh a gcuid cearta siúd á sárú againne.

Cuireann an t-athrú aeráide agus an Covid-19 isteach go mór ar phobail ar fud na cruinne, agus anseo in Éirinn chomh maith. D'aontaíodh an pobal in áiteanna áirithe mar sin féin, ar bhealach comhbhách aireach. Cuireann na cúrsaí sin i gcuimhne dúinn gur ar scáth a chéile a mhairimid, agus go mbímid ag brath go mór ar a chéile agus ar an domhan mórthimpeall orainn.

OBAIR TRÓCAIRE SA tSIOMBÁIB

Tá An tSiombáib in oirdheisceart na hAfraice. Ceapadh tráth go bhféadfadh sí a bheith mar sheoid na hAfraice.

Níor tharla an forás áfach, de bharr na ndeacrachtaí a bhain leis an athrú aeráide agus leis an éagobhsaíocht eacnamaíoch agus polaitiúil. Chuir an t-athrú aeráide isteach go mór ar an tSiombáib. Bíonn 70% de mhuintir na Siombáibe ag brath ar an talmhaíocht, ach cuireann an t-ardú teochta agus an triomach isteach ar fhás na mbarraí, agus bíonn sé deacair ar na feirmeoirí maireachtáil gan aon bharr.

Sáraítear cearta an duine go forleathan sa tSiombáib. Is cosúil nach dtuigeann formhór na saoránach na cearta sibhialta, eacnamaíoch ná sóisialta a bheadh acu. Cuireann an bhochtaineacht is an sárú ar chearta an duine isteach ar na mná níos mó ná ar dhaoine eile. Bíonn leibhéal an-ard den fhoréigean de gach sórt in aghaidh na mban ar siúl sa tír.

Baineann cuid thábhachtach d'obair Trócaire sa tSiombáib le comhoibriú leis na heagraíochtaí áitiúla agus leis an logánú. Ciallaíonn sé sin go mbíonn ról lárnach ag na heagraíochtaí áitiúla sna cláir fhorbartha fadtéarmacha. Oibríonn Trócaire le meascán maith daoine áitiúla. Páirtí tábhachtach é Caritas Bulawayo, agus beidh siad faoi chaibidil san acmhainn seo. Tagann Trócaire i dtír ar an eolas, ar na scileanna, ar na gaolta atá ag na daoine seo sa tSiombáib.

Cuireann Trócaire airgeadas agus cabhair theicniúil ar fáil agus iad ag comhoibriú leis na páirtithe seo, agus is obair éigeandála go minic é. Le tuilleadh eolais a fháil faoin logánú, léigh le bhur dtoil, tuairisc Trócaire: More than the Money: Localisation in Practice.

Is í aidhm Trócaire, i gcomhar leis an bpobal áitiúil sa tSiombáib:

- Poist sheasmhacha inbhuanaithe a chur ar fáil. Tacaíonn ár gcomhpháirtithe leis na pobail áitiúla, a bheith seasmhach in aghaidh tubaistí na haeráide, agus cabhraítear leo táirgeadh an bhia a fheabhsú.
- Cearta an duine a láidriú. Bíonn tionchar ag ár gcomhpháirtithe ar rialtas na Siombáibe le go dtabharfaí a gcuid cearta don phobal agus go leigheasfaí gach sárú ar chearta an duine. Caithfear tacú leis an aicme saoránach a lorgaíonn a gcuid cearta.
- Cumhachtú na mBan. Cosnaítear na mná ón bhforéigean agus spreagtar iad le guth níos airde a bheith acu i measc an phobail.

Tá tuilleadh eolais faoi obair Trócaire sa tSiombáib, anseo.



'Dóchas tríd an gComhoibriú', Múrphictiúr Trócaire sna Sceirí, Co. Átha Cliath. Dearadh: Scoil Náisiúnta Bhaile an Mhiolbhardaigh. Grianghraf: Trócaire

CAD IS OIDEACHAS FORBARTHA/OIDEACHAS SAORÁNACHT DHOMHANDA ANN?

Oideachas forbartha nó **oideachas saoránacht dhomhanda** (OF/OSD) a dtugtar ar an bpróiseas beo cruthaitheach a mhúineann feasacht agus tuiscint dúinn maidir leis an domhan ina mairimid. Tugann sé dúshlán don aithint agus don steiréitíopáil tríd an soirbheachas, an rannpháirtíocht agus an gníomhú ar son an domhain chóir a spreagadh ionainn.

Is áis thábhachtach é an **OF/OSD** le ciall a dhéanamh de na ceisteanna casta i ndomhan a athraíonn in aghaidh an lae. Baineann Trócaire úsáid as **OF/OSD** le heolas a thabhairt do na foghlaimeoirí trí lionsa chearta an duine, faoi cheisteanna domhanda ar nós: an bhochtaineacht, an éagóir, éagothroime inscne, géarchéimeanna daonnúla.

Oibrímid le páistí, le daoine óga agus le hoideachasóirí i bpróiseas ina mbíonn caidreamh, machnamh agus gníomhú. Tacaítear leo nasc a dhéanamh idir a saol féin agus ceisteanna domhanda an cheartais shóisialta, agus cumhachtaítear iad le hathrú deimhneach a chur ar an saol.

Tabhair faoi deara le bhur dtoil go mbaineann an t-ábhar faoin tSiombáib san acmhainn seo le dearcadh agus le taithí theaghlach áirithe, ach go bhfuil taithithe eile ann. Is tábhachtach an rud é nach ndéanfadh oideachasóirí steiréitíopáil dhiúltach a threisiú tríd an acmhainn seo a úsáid. Goilleann an Covid-19, an t-athrú aeráide is an neamhdhaingne bhia ar na daoine seo, ach ní mar an gcéanna do chách a chónaíonn sa tSiombáib, nó a rugadh ann.

Cabhraíonn Thandekile (31) lena hiníon Nomatter (11), agus leis an mac, Forward (8), leis an obair bhaile sa tSiombáib. Grianghraf: Cynthia R. Matonhodze

Meabhraigh do na daltaí nach bhfuil anseo ach cuid amháin de scéal na Siombáibe. Ba mhaith an rud é nithe dearfacha faoin tír a lua chomh maith, le bheith cothrom. Níl sa tSiombáib ach tír amháin as 54 ar ilchríoch na hAfraice. Ní ceart tagairt a dhéanamh don teaghlach mar sin, go gcónaíonn siad 'san Afraic'.

EOCHAIRFHOCAIL

SFI	Bailiúchán iad na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, nó Spriocanna Domhanda, de 17 sprioc idirnasctha a bheadh mar 'treoirphlean le todhchaí feabhsaithe inbhuanaithe a chur ar fáil do chách'
Ceartas	An chóir a dhéanamh; a bheith cothrom, seasamh le cúis cheart.
Dearcadh Domhanda	Ciallaíonn dearcadh domhanda gur féidir le duine plé le cás de réir mar a bhaineann sé le cúrsaí domhanda
Gannchothaithe	Nuair nach bhfaigheann daoine go leor calraí le freastal ar a gcuid riachtanas bunúsach fiseolaíoch
Míchothú	Nuair nach bhfaigheann daoine go leor: próitéin, fuinneamh, micreachothaithigh*
Neamhdhaingne Bhia	Nuair nach bhfaigheann daoine rochtain ar go leor bia slán cothaitheach le go bhfásfaidís agus go bhforbróidís go normálta ar bhealach gníomhach sláintiúil.*
Searg Páistí	Cóimheas íseal meáchan/airde i measc na leanaí (de bharr an ghalair nó tráth ghorta le déanaí).*
Srian ar Phaistí	Faoi bhun meán-airde don aois, de bharr na míchothaithe fhadtéarmaí.*

*Foinse: FAO na Náisiún Aontaithe

RÓL AN CHEISTIÚCHÁIN CHRITICIÚIL



CEACHT 1: SFI 2 – DEIREADH LE hOCRAS

Nóta don Oide: Tosaíonn an acmhainn le scrúdú ar an ngá go mbeadh SFI ar chor ar bith ann don deireadh le hocras. Spreag na daltaí le smaoineamh ar na saghsanna éagsúla ocrais, i gcomhthéacsanna éagsúla. Bain úsáid as na staitisticí is na grianghraif le solas a chaitheamh ar cheist chasta an ocrais agus ar an ngá atá ann go ndéileálfaí go práinneach leis, ar bhonn domhanda.

OSPS Toradh Foghlama: 2.6 tuairimí feasacha a bheith acu maidir le bunchúiseanna an ocrais go háitiúil nó ar bhonn domhanda.

GNÍOMHAÍOCHT 1: Smaoinigh, Péireáil, Roinn

2 DEIREADH LE hOCRAS

Cén fáth go mbeadh sprioc ann a dhíríonn ar dheireadh le hocras? Smaoinigh mar dhaoine indibhidiúla agus ansin pléigh le páirtí, nó leis an rang ina iomláine. Bíodh cead ag gach dalta moladh nó dhó a chur os comhair an ranga.



GNÍOMHAÍOCHT 2: Íomhá a Cheistiú

Déan grúpaí 4/5. Déan cóipeanna agus scaip na grianghraif i Paca Grianghraf don Iar-bhunscoil.

Iarr ar gach grúpa grianghraf amháin a roghnú. Leag i lár leathanaigh leathain bháin é agus iarr ar na daltaí na ceisteanna a ardaíonn an íomhá a liostáil. Scríobhann duine amháin na ceisteanna síos. Bhainfeadh na ceisteanna go díreach nó go hindíreach leis an íomhá. Tugann an grúpa tuairisc ansin don chuid eile den rang.

GNÍOMHAÍOCHT 3: Na hÍomhánna a Rangú

Déan na híomhánna a rangú in ord tábhachta ó thaobh na ceiste: Cén fáth go bhfuil gá ann le sprioc a dhíríonn ar dheireadh le hocras? Spreag na daltaí le plé, argóint, cosaint, cáineadh, comparáid agus codarsnacht a dhéanamh. Caithfidh gach grúpa cinneadh a dhéanamh maidir leis an íomhá is tábhachtaí a fheiceann siad. Seans go mbeidh vótáil ann leis an gceist a réiteach. Cuir na híomhánna roghnaithe i gcomparáid lena chéile.

GNÍOMHAÍOCHT 4: Íomhánna a Úsáid le Scéal a Rá

Baineann na grúpaí úsáid as na grianghraif le scéal a rá a chuireann síos ar an ngá atá ann le go mbeadh SFI ann a dhíríonn ar dheireadh a chur le hocras. Cumtar scéal a chuireann síos ar an bhfreagra a fuarthas, agus cuirtear na grianghraif in ord le brí an scéil a léiriú. Ainmníonn an grúpa beirt leis an scéal a chur i láthair an ranga.

Lig do na daltaí dhá ghrianghraf sa bhreis a fháil a chabhraíonn leis an scéal a léiriú. Caithfear cúig ghrianghraf ar a laghad a úsáid ón bpaca grianghraf.

Cothaionn Nomatter (11) agus Forward (8) na siciní sa bhaile sa tSiombáib agus súil á choimeád ag a mamaí Thandekile orthu. Grianghraf: Cynthia R Matonhodze

CEACHT 2: GRINNSCRÚDAIGH AN BIA

Nóta don Oide: Is tomhas amháin é ar an míchothú an comhaireamh calraí, agus is comhartha tábhachtach an neamhdhaingne bia é. Ba mhaith an rud é dá smaoineodh na daltaí ar an méid calraí atá i saghsanna éagsúla bia, agus tuiscint a bheith acu ar chiondáil mholta laethúil an bhia. Má bhreathnaítear ar shaghsanna éagsúla bia beidh stór eolais ag na daltaí nuair a pléitear agra-éiceolaíocht, bia láidir, agus gairdín an phobail/na scoile. Is tábhachtach an rud é go mbeadh gach dalta sa rang compordach maidir le labhairt faoin mbia agus faoi na calraí. Creidimid gur fiú an ghníomhaíocht seo a dhéanamh leis na scoláirí, ach má mheastar go mbeidh tionchar diúltach ar dhaoine aige, is féidir é a athrú de réir mar is gá.

OSPS Toradh Foghlama: 2.6 tuairimí feasacha a bheith acu maidir le bunchúiseanna an ocrais go háitiúil nó ar bhonn domhanda.

GNÍOMHAÍOCHT 1: Rás Phirimid an Bhia

Tarraing pirimid an bhia ar an gclár nó bain úsáid as an bpirimid bhán atá le sonrú ar shleamhnán 12 den PowerPoint 'Fómhar don Todhchaí'.

Déan grúpaí 4/5 dalta agus bronn marcóirí orthu, agus tabhair dath éagsúil nótaí greamaitheacha an ghrúpa dóibh. Mínigh dóibh gur rás sealaíochta atá ann. Caithfidh siad saghas bia a tharraingt ar nóta greamaitheach, dul suas agus é a ghreamú ar an áit cheart ar an bpirimid. Tugtar 5 nóiméad dóibh an méid is mó bianna agus is féidir, a tharraingt agus a ghreamú ar an bpirimid.

Na rialacha:

- Déanann baill an ghrúpa in ord, an tarraingt is an greamú ar an bpirimid.
- Sula gcuirtear an dara ghreamachán ar leibhéal ar bith caithfidh saghas bia amháin a bheith ar gach leibhéal ag an ngrúpa, agus dhá shampla sula gcuirtear an tríú pictiúr síos, agus araile.
- Tugtar 5 nóiméad dóibh leis an obair a chríochnú.
- Buann an grúpa leis an méid is mó bianna so-aitheanta i gceart ar an bpirimid.



Nuair a bhíonn an t-am istigh, faigh réidh le pictiúr ar bith nach n-aithnítear mar bhia é. Bronn pointí ar na hiarrachtaí atá san áit cheart. Taispeáin sleamhnán 13 an PowerPoint, an leagan iomlán den phirimid. Bíodh am ag na daltaí scrúdú a dhéanamh ar éagsúlachtaí a tharlaíonn idir a gcuid moltaí féin agus an leagan oifigiúil.

GNÍOMHAÍOCHT 2: Dúshlán na gCalraí

Dar leis an HSE in Éirinn agus an NHS sa RA, is é seo an iontógáil calraí a mholtar:

Bíonn c. 2,500 calra an lá riachtanach do na fir

Bíonn c. 2,000 calra an lá riachtanach do na mná

Bíonn c. 1,800 calra an lá riachtanach do na páistí

Iarr ar na grúpaí biachlár an lae a chruthú a thabharfadh an 2,500 calra a mholtar do na fir. Bíodh na trí bhéile, bricfeasta, lón agus dinnéar luaite ann. Tá cead smailceacha bia a bheith ann freisin.

Nuair a bhíonn an biachlár cruthaithe bain úsáid as Seiceálaí Calraí NHS le féachaint cé chomh gar don sprioc 2,500 is a rabhadar.

Ar chuir rud ar bith faoi mhéid na gcalraí i mbianna éagsúla ionadh ar na daltaí? Cé chomh deacair is a bheadh sé cloí leis an 2,500 calra a mholtar mar mheán in aghaidh an lae?

Obair Shínithe

Is tomhas amháin é ar an neamhdhaingne bhia an comhaireamh calraí. Dar le FAO na Náisiún Aontaithe, má bhíonn níos lú ná 1,800 calra an lae ag daoine fásta, tá an míchothú orthu. Iarr orthu an féidir an neamhdhaingne bhia a mheas ar bhealaí eile? Samplaí: airde (srian) meáchan (searg), an sórt bia a itear, ioncam an teaghlaigh, cúrsaí leighis, breis daoine ag brath ar bhanc bia nó ar charthanacht.

GNÍOMHAÍOCHT 3: Cad as a dTagann ár mBia?

In Éirinn, déanaimid **go leor dár mbia féin a tháirgeadh**, déanaimid **bia a iompórtáil ó thíortha i gcéin** chomh maith, agus b**ia a tháirgtear anseo a easpórtáil chuig tíortha eile**. Scríobh na ceannlínte seo ar an gclár agus iarr ar na daltaí moltaí a thabhairt do gach aon chatagóir. Is féidir freagraí a cheistiú nó soiléiriú a lorg. Seans go mbeidh ionadh ar na daltaí a chloisteáil go ndéanann Éire lear mór prátaí a iompórtáil!

Bia a Tháirgimid

Bia a Iomportálaimid



Bia a Easpórtálaimid

Ciallaíonn bia-aistear, an fad a thaistealaíonn an bia le teacht chun an bhoird chugainn. Bainfear úsáid as an mbanana mar shampla don ghníomhaíocht seo. Itear go leor acu in Éirinn, ach ní fhástar anseo iad, de bharr na haeráide. Iompórtáiltear an-chuid bananaí in aghaidh na bliana.

Déan suirbhé le fáil amach:

- An céatadán daltaí a itheann bananaí.
- Cé chomh minic is a itheann siad iad?
- Cé mhéad banana ar an meán a itheann daltaí an ranga in aghaidh na seachtaine?

Iarr orthu a rá cad iad na céimeanna a bhaineann leis na bananaí a tháirgeadh agus a thabhairt anseo chugainn. Scríobh na moltaí ar an gclár bán, agus bí cinnte go luaitear a leithéidí:

- Fástar formhór na mbananaí a ithimid sa Mheiriceá Láir
- Fásann na bananaí ar phlandaí banana
- Tar éis 9 – 12 mí, baintear na bananaí
- Tugtar chuig ionad próiseála iad, nitear iad agus gearrtar i gcrobhaing 6 banana iad
- Tugtar ar leoraí chuig an gcalafort is giorra iad
- Cuirtear i mbád cuisniúcháin iad ionas nach n-aibeoidh siad ar an mbealach chun na hÉireann, turas a ghlacann 7 – 10 lá
- Nuair a thagann siad chun na hÉireann cuirtear á aibiú iad, agus ansin cuirtear chuig na siopaí iad

Ceisteanna le plé

- Cad iad na buntáistí is na deacrachtaí a bhaineann le rochtain a bheith againn ar bhia ar fud an domhain?
- Cad a chuirfeadh isteach ar an deis a bheadh againn rochtain a bheith againn ar an mbia sin?
- Cé a bhaineann leas as Éire a bheith ag iompórtáil lear mór bananaí ó thíortha an leathsféir ó dheas?
- Conas mar a chabhraíonn ceannach earraí na Cóirthrádála le difríocht a dhéanamh?
- Cad iad na buntáistí is na deacrachtaí a bhaineann le bia a tháirgeadh go háitiúil in Éirinn? In áiteanna eile ar domhan?
- Conas is féidir ceannach bia inbhuanaithe a chleachtadh, agus cearta na ndaoine leochaileacha ar domhan a chosaint, iadsan a tháirgeann barraí margaidh ar nós na mbananaí mar shampla?

CEACHT 3: ÉAGOTHROIME DHOMHANDA I nDÁILEADH AN BHIA

Nóta don Oide: Ní ceart go gceapfadh na daltaí nach dtarlaíonn an neamhdhaingne bhia agus an t-ocras ach in áit áirithe nó dhó ar domhan. Bíodh an t-ocras san Eoraip i ndiaidh an Chéad Chogadh Domhanda mar shampla. Tá sé riachtanach sa cheacht seo go dtuigfeadh na scoláirí an iliomad fáthanna leis an neamhdhaingne bhia agus na fáthanna a tharla le déanaí ach go háirithe: an choinbhleacht, an éagothroime ag fás ar domhan, neamhsheasmhacht pholaitiúil, agus an t-athrú aeráide ach go háirithe.

OSPS Toradh Foghlama: 2.6 tuairimí feasacha a bheith acu maidir le fáthanna bunúsacha an ocrais, bíodh sé ag tarlú go háitiúil nó go domhanda.

Is ceart bunúsach an duine é rochtain ar bia. Deir an Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine na Náisiún Aontaithe (UDHR), Airteagal 25:

> Tá sé de cheart ag daoine caighdeán sásúil maireachtála a bheith acu a chinnteodh go mbeidís sláintiúil folláin: **bia**, éadach, tithíocht, cúram leighis, na seirbhísí oiriúnacha sóisialta, sochar sóisialta i gcás na dífhostaíochta, an tinnis, an bhaintreachais, na seanaoise, nó i gcás ar bith eile a chiallódh nach bhféadfaidís obair a fháil ar fháthanna nach raibh smacht ar bith acu orthu.

Ní bhíonn rochtain ag aicme áirithe daoine ar an mbia cothaitheach a bheadh uathu le saol sláintiúil a chaitheamh. Bíonn fáthanna áirithe lena leithéid.

GNÍOMHAÍOCHT 1: Ransú Smaointe

Scríobh an cheist seo ar an gclár bán: Cad iad na fachtóirí a chuireann le neamhdhaingne bhia? Iarr ar na daltaí go leor fachtóirí a lua, agus scríobh ar an gclár bán iad. Mura mbíonn cuid de na fachtóirí thíos tugtha acu, scríobh síos ar aon nós iad.

Spreag na daltaí leis na moltaí seo a phlé.



Obair Shínithe

Iarr ar na daltaí a fháil amach cad iad na háiteanna ar domhan a mbeadh faoi thionchar na bhfachtóirí a luaitear. Bíonn suíomh gréasáin Trócaire go maith mar áit thosaithe an taighde.

GNÍOMHAÍOCHT 2: Ocras san Eoraip

Bíodh plé sa rang a bhaineann úsáid as sleamhnán 14 PowerPoint Fómhar don Todhchaí.

Ag smaoineamh ar an neamhdhaingne bhia, cuir na ceisteanna seo ar na scoláirí:

1) Cén léarscáil atá anseo againn?

2) Cathain ar cruthaíodh é?

3) Cad atá á léiriú acu?

4) Cé dóibh an léarscáil seo?

5) Cé a chruthaigh é, an dóigh libh?

6) Cad iad na fachtóirí a chuir leis an neamhdhaingne bhia a léirítear anseo?

7) Cad a deir an léarscáil seo faoi neamhdhaingne bhia?

8) An ardaíonn an mapa seo ceist ar bith eile?

Abair leo go raibh an léarscáil seo mar réamhrá leis an leabhar ó Údarás Bia na Stát Aontaithe 1918: *Food Saving and Sharing: Telling How the Older Children of America May Help Save From Famine Their Comrades In Allied Lands Across the Sea.*

GNÍOMHAÍOCHT 3: Neamhdhaingne Bhia sna Meáin

Ghoillfeadh an neamhdhaingne bhia ar dhuine ar bith ag am ar bith, ag brath ar na cúinsí. Iarr orthu samplaí eile den neamhdhaingne bhia a rá, agus an fáth gur tharla a leithéid. Tharla an Gorta Mór in Éirinn i lár na 1800 anna. Bhí easpa bia ann san Eoraip agus sa RA ar feadh tamaill de bharr Covid-19, de bharr na Breatimeachta agus de bharr thionchar an athraithe aeráide go forleathan ar domhan.

Déan cóipeanna de Bhileog Oibre1: Alt ón Nuachtán agus scaip iad. Cuireadh i gcló é Deireadh Fómhair 2021 agus fuarthas ar shuíomh gréasáin an *Guardian* é. Iarr ar na daltaí é a léamh dóibh féin nó i ngrúpaí. Ansin déan anailís air ag baint úsáide as na ceisteanna atá ar an dara leathanach de Bhileog Oibre1: Alt ón Nuachtán.

BILEOG OIBRE 1: ALT ÓN NUACHTÁN

Sprioc forbartha NA go mbeadh deireadh le hocras 'i bhfad uainn faraor' a deir an t-innéacs domhanda

Feachtasóirí eaglach faoin tubaiste aeráide. Covid agus an choinbhleacht fhoréigneach ag bagairt ar an dul chun cinn a rinneadh le déanaí maidir le cinnteacht bhia

Saeed Kamali Dehghan Déardaoin 14 Deireadh Fómhair 2021 10.01 BST

Ní shroichfear na spriocanna domhanda le deireadh a chur le hocras faoin mbliain 2030 de bharr meascán nimhiúil den ghéarchéim aeráide, den choinbhleacht agus den phaindéim Covid-19 a chas an dul chun cinn thart, de réir na meastacháin is déanaí.

Tá an troid le deireadh a chur leis an ocras 'go mór i bhfad ón marc' agus tá sprioc forbartha inbhuanaithe na NA maidir le deireadh le hocras 'i bhfad uainn, faraor, de réir Innéacs Domhanda an Ocrais (IDO) 2021, foilsithe ar an Déardaoin. Teipfidh ar 47 tír leibhéal íseal an ocrais a shroicheadh fiú (tír ina mbíonn go leor bia agus uimhir íseal bás leanaí) faoin mbliain 2030 agus goillfidh an t-ocras go mór ar na milliúin duine sna blianta atá le teacht.

Foilsítear na torthaí seo in éineacht le rabhadh ó ghníomhaireacht bhia na NA, an Clár Bia Domhanda (CBD) go gciallóidh ardú meánteochta 2C ón leibhéal réamhthionsclaíoch go mbeidh ocras ar 189 milliún duine sa bhreis ar domhan.

Bhíodh leibhéal an ocrais ar domhan ag ísliú ó 2000, dar leis an CBD, ach tá ag maolú anois ar an ísliú, agus an baol ann go mbeidh casadh siar air. Bíonn an ráta is mó ocrais le sonrú san Afraic Fho-Shahárach, agus i ndeisceart na hÁise.

Bíonn an scór CBD bunaithe ar cheithre tháscaire: míchothú, cóimheas íseal meáchan/airde i measc na leanaí (searg páistí), páistí faoi bhun 5 bl níos ísle ná an meánairde (srian ar pháistí), agus mortlaíocht páistí.

Bíonn míchothú an-ard ann san Afraic Fho-Shahárach, agus an ráta is airde sirg páistí i ndeisceart na hÁise. Déantar rangú ar thíortha ar bhonn 100 pointe. Má bhíonn scór 50 nó níos mó ag tír, is ábhar mór imní é sin. Tá scór 50.8 ag an tSomáil, an t-aon tír as na 135 ar an liosta atá sa chatagóir sin.

Tá leibhéal an ocrais i gcúig thír eile imníoch – Poblacht na hAfraice Láir, Sead, Poblacht Dhaonlathach an Chongó, Madagascar agus Éimin. Tá 31 tír eile ann ina bhfuil leibhéal an ocrais mar ábhar buartha.

D'éirigh le 14 tír an scór IDO a ísliú de 25% idir na blianta 2012 - 2021.

'Tá meascán nimhiúil den ghéarchéim aeráide, den choinbhleacht leanúnach uafásach agus den phaindéim Covid-19 ag bagairt ar chasadh a chur ar aon dul chun cinn a rinneadh,' arsa Dominic MacSorley, Príomhfheidhmeannach Concern.

'Is í an choinbhleacht fhoréigneach an phríomhchúis leis an ocras faoi láthair, agus tá an míchothú agus an neamhdhaingne bhia ag dul in olcas ag ráta scanrúil i mbliana,' ar sé. Deir tuairisc an IDO gurbh í an choinbhleacht an phríomhchúis leis an ocras sna 10 dtír le rátaí ocrais a dtugtar "imníoch" nó "thar a bheith imníoch" orthu.'

Dúirt an tuairisc gur tugadh faoi deara i 2020 gur mhair breis agus leath de na daoine a bhí ag fulaingt ón ocras (gan go leor chalraí á fháil acu), i dtíortha ina raibh an choinbhleacht is an foréigean i réim.

'Bhíodh an míchothú (ceann de tháscairí scór an IDO) ag dul in éag leis na mblianta, ach anois tá sé ag dul in airde arís,' arsa an tuairisc. 'Tá an baol ann gur comhartha é seo go rachaidh na táscairí eile ocrais in olcas chomh maith'.

Arsa David Beasley, stiúrthóir feidhmiúcháin CBD, 'Tá ceantair leathana ar domhan ó Mhadagascar go Hondúras, go dtí an Bhanglaidéis ina mbíonn na milliúin ag fulaingt go laethúil ó thionchar an athraithe aeráide, rud is cúis le géarchéim an ocrais faoi láthair.'

Deir sé go bhfuil na mílte míle duine i mbaol an bháis i ndeisceart Madagascar. Cuireann géarchéim na haeráide go mór le fadhbanna gorta ansin. An triomach leanúnach is cúis le beagnach 1.1 milliún duine ag fulaingt ón dianocras.

Foinse: *The Guardian*, www.theguardian.com

BILEOG OIBRE 1: ALT ÓN NUACHTÁN

Ceisteanna Anailíseacha

- Cé a thugann an t-eolas dúinn? Cé eile a labhraíonn san alt?
- Cé hiad 'muidne' agus 'iadsan' san alt? An labhraítear go diúltach faoi dhuine ar bith ann?
- An luaitear daoine ann a mbeadh réiteach na faidhbe acu? Cé atá chun tosaigh agus cé atá chun deiridh anseo?
- Cad iad na fachtóirí is mó a chuir leis an staid seo? Cad iad na struchtúir is na córais a rinne ceist leanúnach as? Cad iad na gníomhartha a mbeadh tionchar acu ar an staid seo? An bhfuil gaol ann idir an staid seo agus cás an tsaoil choitinn in Éirinn?
- Cén neamhionannas nó éagóir atá le sonrú anseo? Cén fáth nach bhfuil sé cothrom? Ar mhaith leat breis eolais a fháil ó ghrúpa/duine ar bith? Cad a dhéanfaí le cinntiú go mbeadh cumhacht agus guth níos tábhachtaí sa saol ag na daoine atá ar an imeall?
- Cén todhchaí atá roimh na daoine/na ceisteanna seo? Cén todhchaí a bheadh acu i gceann 5 bl? 15 bl? 50 bl?
- Cén fhreagairt nó réiteach a chabhródh leis an gcás seo? Cé a bhainfeadh tairbhe as an fhreagairt? Cén tionchar a bhíonn ag an réiteach ar na fachtóirí casta atá anseo? An bhfuil réiteach ar bith ann a mbeadh tionchar láidir aige le hathrú deimhneach a chur i bhfeidhm? Cén cumhacht atá againne mar Éireannaigh/Eorpaigh/Saoránaigh Dhomhanda leis an athrú a chur i bhfeidhm? An fada buan a leanfadh na réitigh a moltar?
- Cad a cheapann tú faoi úsáid na n-íomhánna san alt?
- Cad a deir an t-alt linn faoi bhia a bheith mar cheart an duine?

CEACHT 4: NEAMHDHAINGNE BHIA

Nóta don Oide: Tógtar anseo ar an obair a rinneadh cheana féin faoin mbia agus faoin ocras trí radharc níos doimhne a fháil ar fhadhb na neamhdhaingne bia. Tá gníomhaíocht ag an tosach a chuireann deireadh le roinnt miotas. Ansin baintear úsáid as an gcrann fadhbanna agus an díospóireacht reatha leis an ábhar a bhriseadh síos i gcúis agus éifeacht. Breathnaítear ina thús ansin ar réitigh indéanta. Ba cheart go mbeadh na daltaí ag cur a gcuid smaointe féin faoin ocras le chéile, agus a bheith ábalta an dearcadh atá acu féin faoi, a thuiscint is a léiriú. Spreag iad le déileáil go criticiúil leis an topaic, agus gach uile rud a luaitear a cheistiú. Bíodh scagadh maith ar na moltaí a deirtear, agus bíodh an cheist 'Cén fáth' á chur go minic acu.

OSPS Toradh Foghlama: 2.6 tuairimí feasacha a thabhairt maidir le bunchúiseanna an ocrais, go háitiúil agus go domhanda. **2.9** anailís a dhéanamh ar sprioc dhomhanda amháin faoi na teidil: cúiseanna, torthaí, tionchar ar shaol na ndaoine agus réitigh indéanta.

GNÍOMHAÍOCHT 1: Ocras Domhanda – Fíor nó Falsa?

Le plé a thosú faoin neamhdhaingne bhia, breathnaigh ar na ráitis seo agus iarr ar na daltaí a rá an fíor nó falsa dóibh. Nochtar na freagraí ansin agus spreagtar na daltaí le plé a dhéanamh fúthu.

Níl go leor bia ar domhan le cách a chothú.	**Falsa!** Táirgtear go leor bia ach baineann éagothroime le dáileadh an bhia, ar fáthanna éagsúla. (https://news.un.org/en/story/2019/10/1048452)
Is í an choinbhleacht an chúis is mó leis an ocras ar domhan.	**Fíor!** Cónaíonn 60% de dhaoine ocracha an domhain in áit ina mbíonn an choinbhleacht chun tosaigh. Is í sin an chúis leis an staid in 8 gcinn as 10 de na géarchéimeanna ocrais; sa tSiria agus san Éimin, mar shampla. (https://www.wfp.org/ending-hunger)
Ní chuireann an t-athrú aeráide isteach go mór ar an daingne bhia.	**Falsa!** Titeann táirgeacht an bhia le hardú teochta, le heaspa uisce, le breis CO2 san atmaisféar agus le haimsir fhoircneach: tuilte, triomach, tonn teasa. (https://www.globalhungerindex.org/issues-in-focus/2019.html)
Básaíonn páiste amháin gach nóiméad ar domhan ón mhíchothú.	**Falsa!** Básaítear páiste gach 10 soicind ón mhíchothú, sin seisear in aghaidh an nóiméid. (https://www.worldhunger.org/world-hunger-and-poverty-facts-and-statistics/)
Is í an tír is mó a fhulaingíonn ó chúrsaí ocrais faoi láthair ná an tSomáil.	**Fíor!** Is í an tSomáil an tír is measa a fhulaingíonn de réir Innéacs Domhanda an Ocrais is déanaí. (https://www.globalhungerindex.org/)
Sroichfidh an domhan an sprioc SFI 2: Deireadh le hOcras faoi 2030.	**Falsa!** Tá moill á chur ar an dul chun cinn agus an baol ann go gcasfar siar air. (https://www.globalhungerindex.org/)
Bíonn duine as cúigear déag ar domhan ag dul ocrach chun soip gach aon oíche.	**Falsa!** Ciallaíonn an t-athrú aeráide, na tubaistí, an éagothroime, agus Covid-19 go dtéann duine as gach **naonúr** chun soip agus ocras orthu, is an gorta ag bagairt ar na milliúin duine. (https://www.wfp.org/who-we-are)

Tá tuilleadh eolais faoi fhíorais an bhia is an ocrais ag an oideachasforbartha.ie suíomh: miotas faoi chúrsaí domhanda.

GNÍOMHAÍOCHT 2: Crann na Faidhbe

Ag baint úsáide as leathanach mór bán, cuid marcóirí nó nótaí greamaitheacha, tarraingíonn na daltaí crann na faidhbe don neamhdhaingne bhia. Ar stoc an chrainn tá an fhadhb: Neamhdhaingne an Bhia. Ag na fréamhacha tá bunchúiseanna na faidhbe, cuid acu faoi agallamh cheana féin. Is iad na craobhacha is na duilleoga torthaí agus tionchar na faidhbe. Tá sampla ar fáil ar shleamhnán 15 den PowerPoint.

Bunchúiseanna: Spreag na daltaí i dtús báire le cuid de na cúiseanna a lua. Is féidir breathnú siar ar cheacht 2 le cabhair a fháil. Nuair a luaitear cúis, scríobh ar an gcrann é. Iarr orthu ansin an fáth go gcuireann sé leis an neamhdhaingne bhia a rá. Nuair a fhreagraítear an cheist, scríobh faoin mbunfhreagra é. Déan an rud céanna do gach aon chúis a luaitear. Spreagfar na daltaí dá bharr, breathnú níos doimhne ar fháthanna na príomhchúise. Seans go mbeidh ionadh orthu leis an eolas sin.

Iarr orthu na naisc i measc na bhfáthanna éagsúla a aimsiú. Tarraing línte ar an bpictiúr a léiríonn an ceangal idir na fáthanna éagsúla.

An Tionchar/Torthaí: Nuair a bhíonn anailís déanta acu ar na fáthanna, iarr orthu smaoineamh ar thorthaí/an tionchar atá leis an neamhdhaingne bhia. Smaoinigh ar a saol féin. Cén difríocht a bheadh sa saol acu mura mbeadh rochtain acu ar bhia sláintiúil cothaitheach?



Cad é an tionchar níos leithne a bheadh ag a leithéid ar na teaghlaigh, ar an bpobal, ar an tsochaí go ginearálta? Tar éis an phlé seo breathnaigh ar shleamhnán 16 den PowerPoint, maidir le ceithre cholún na daingne bhia.

Réiteach/Cosc: Iarr orthu réiteach na faidhbe a rá leis na fáthanna is na torthaí ar an gcrann faidhbe. Scríobh an réiteach i ndath éagsúil ón gcuid eile.

GNÍOMHAÍOCHT 3: Díospóireacht Reatha

Bíodh taobh amháin an tseomra mar 'aontaím', agus an taobh eile mar 'easaontaím'. Mínigh do na daltaí go gcloisfear sraith ráiteas (sleamhnán 17). Aontaíonn siad, nó easaontaíonn siad leo, nó bíonn siad sa lár in áit éigin. Seasann siad san áit is fearr a chuireann síos ar an bhfreagairt don ráiteas. Má bhíonn srianta Covid i gceist maidir le bogadh thart, is féidir seasamh le 'aontaím' a chur in iúl, agus suí le 'easaontaím' a léiriú.

Iarr ar roinnt de na daltaí an dearcadh atá i leith na ráiteas acu a mhíniú.

Ráitis

- Tá sé de cheart ag na daoine ar fad bia cothaitheach a bheith acu.
- Is iad na fadhbanna is mó ar domhan iad an t-ocras is an míchothú.
- Bíonn ocras ar dhaoine toisc nach bhfuil go leor bia do chách ar an bpláinéad.
- Ní chuireann an t-ocras is an míchothú isteach ach amháin ar na daoine sa leathsféar theas.
- Má fhásaimid níos mó dár mbia féin, maolófar ar an ocras is an míchothú.
- Ba cheart an bia a tháirgimid a choimeád agus gan é a easpórtáil.
- Má bhíonn réiteach an athraithe aeráide ann, cuirfear deireadh leis an ocras ar domhan.
- Is é gnó an rialtais é na daoine ocracha a chothú.

CEACHT 5: FÓCAS AR AN tSIOMBÁIB

Nóta don Oide: Bíonn fócas ar an tSiombáib in acmhainn na bliana seo. Mínigh arís dóibh nach bhfuil anseo ach taithí Thandekile, agus nach ionann do chách sa tír an taithí a léirítear sa chás-staidéar seo. Tugann Gníomhaíocht 1 agus 2 radharc ginearálta ar an tSiombáib do na daltaí, agus beidh radharc níos doimhne air sa chás-staidéar. Téann Gníomhaíocht 3 níos doimhne isteach i gcásanna ar leith a bhaineann le hobair Trócaire agus iad ag tacú leis na páirtithe is na pobail sa tSiombáib. Cuir béim ar obair Trócaire anseo, go ndéanann siad an-obair leis na páirtithe ar nós Caritas Bulawayo, agus iad ag cabhrú leis na daoine smacht a ghlacadh dóibh féin ar a gcuid saol is ar an tslí mhaireachtála atá acu.

OSPS Toradh Foghlama: 2.5 Cás-staidéar a dhéanamh ar an mbochtaineacht is an éagothroime a fhulaingíonn daoine i dtíortha agus i gcomhthéacsanna éagsúla, agus ar na hiarrachtaí a dhéanann siad na rudaí sin a shárú.

GNÍOMHAÍOCHT 1: An tSiombáib

Iarr ar na daltaí an t-eolas atá acu faoin tSiombáib a rá. Scríobh gach píosa eolais ar an gclár bán, fiú mura mbíonn an ceart acu.

Taispeáin sleamhnáin 18 go 26 den PowerPoint. Cuir tic le rud ar bith a bhí ceart, tarraing líne tríd an gcuid eile.



GNÍOMHAÍOCHT 2: Cás-Staidéar

Scaip Bileog Oibre 2: Scéal Thandekile. Nuair a bhíonn an scéal léite ag na daltaí, iarr orthu na trí fhocal a thagann chun cuimhne a rá. Scríobh ar an gclár bán iad, nó ar nótaí greamaitheacha a gcuirfí ar an gclár nó ar leathanach bán. Má bhíonn rochtain ag na daltaí ar na fóin, na táibléid, na ríomhairí, is féidir néal-aip ar nós Mentimeter a úsáid.

Caitheann Thandekile agus a clann saol thar a bheith casta. Bíonn níos mó ná deacracht amháin le sárú acu.

Bain úsáid as Paca Grianghraf SFI Trócaire agus iarr ar na daltaí na fadhbanna atá le sonrú sa chás-staidéar a aithint, agus na SFI a bheadh ábhartha dóibh a rá. Scríobh na fadhbanna ar an gclár bán agus an SFI ábhartha in aice leis.

Má luaitear Covid-19 mar fhadhb, bheadh SFI 3: Dea-Shláinte agus Folláine ábhartha dó. Lig dóibh a rogha féin SFI a lua de réir a dtuairimí féin, áfach.

Nuair a roghnaítear na fadhbanna is na SFI, déan iad a rangú in ord an tionchair a bhíonn acu ar ghnáthshaol Thandekile agus a muintir. Más dóigh leo go mbaineann an tábhacht is mó leis an triomach is na tuilte, (le SFI 13), bíodh sé sin sa chéad áit.

Iarr ar na daltaí: Cén chomparáid a dhéanfaí idir ghnáthshaol Thandekile agus a clann, agus bhur saol féin? Déan na cosúlachtaí is na difríochtaí a aithint, agus luaigh fáthanna leo san. D'fhéadfaí comparáid a dhéanamh idir an taithí scoile a bhí ann i rith na paindéime sa tSiombáib agus an taithí in Éirinn. Spreag iad leis na cosúlachtaí a rá (clúdaigh aghaidh) agus na difríochtaí (rochtain ar an vacsaín) chomh maith.

MATABELELAND NA SIOMBÁIBE ...

GNÍOMHAÍOCHT 3: Ag Tacú le Pobail agus le Teaghlaigh na Siombáibe

Breathnaigh ar Tionchar Covid-19: Géarchéim na Siombáibe 2020, a bhreathnaíonn ar obair Trócaire sa tSiombáib (sleamhnán 27).

- Iarr ar na daltaí liosta a dhéanamh de thionchar an Covid-19 ar phobal na Siombáibe.
- An raibh an éifeacht seo cosúil le nó éagsúil ón éifeacht a bhí aige ar mhuintir na hÉireann i rith na paindéime?

Breathnaigh ar Teacht Slán ó Covid-19 sa tSiombáib (sleamhnán 28).

- Conas mar a thacaigh páirtí Trócaire, Caritas na Siombáibe, le pobal na tíre teacht tríd an Covid-19?

- Cad a cheapann na daltaí faoin saghas sin tacaíochta?
- Conas mar a d'fhéadfaimis in Éirinn tionchar deimhneach a bheith againn ar shaol na ndaoine sa tSiombáib atá ag fulaingt ó thorthaí an athraithe aeráide agus ó Covid-19?

Is cuid ríthábhachtach d'obair Trócaire sa tSiombáib agus ar fud an domhain í **an chomhpháirtíocht**. Is eagraíocht chomhpháirteach é Trócaire ón uair a bunaíodh é sa bhliain 1973, agus bíonn an chomhpháirtíocht ag croílár na hoibre. Ní féidir na SFI a bhaint amach d'uireasa na comhpháirtíochta. Caithfidh na daoine ar fad, comhoibriú lena chéile leis na SFI a chur i gcrích, tríd an gcomhpháirtíocht agus trí obair i gcomhar lena chéile leis na spriocanna a bhaint amach.

Thandekile (31) lena hiníon, Nomatter (11), agus a mac Forward (8), sa bhaile sa tSiombáib.
Grianghraf: Cynthia R. Matonhodze

BILEOG OIBRE 2: SCÉAL THANDEKILE

Is baintreach bliain is tríocha d'aois í Thandekile a chónaíonn i gcúige an deiscirt Matabeleland sa tSiombáib, in éineacht lena páistí Nomatter (11) agus Forward (8).

Bhíodh Donovan, fear céile Thandekile, ag obair san Afraic Theas, agus chuireadh sé airgead abhaile chuig an teaghlach. Chuir Thandekile leis an airgead sin trí earraí éagsúla a cheannach ón Afraic Theas, agus iad a dhíol sa bhaile.

Chuir teacht Covid-19 as go mór don teaghlach. Chaill Donovan a phost go sealadach de bharr na paindéime. Tamall ina dhiaidh sin bhuail an víreas é agus fuair sé bás go tragóideach.

Athrú Aeráide

Bhíodh an saol dian go leor ar Thandekile. Tharla trí thriomach agus cioclón de bharr an athraithe aeráide le cúig bhliain roimhe seo. Ciallaíonn sé seo go dteipeann ar na barraí agus go mbíonn sé deacair don teaghlach go leor bia a bheith acu.

Roimh an Covid-19, bhí an t-ocras ag bagairt ar Thandekile agus an chlann. Theip ar na barraí de bharr an triomaigh, agus ansin de bharr na dtuilte báistí. Is minic iad ag dul chun soip gan dinnéar a bheith ite acu. Ní bhíodh bia ar fáil i measc an phobail ach oiread. Chuir an Covid-19 go mór leis na fadhbanna seo, agus bíonn Thandekile agus a muintir ag brath ar chabhair ón taobh amuigh le bheith beo. Is iad na mná is mó a tháirgeann an bia anseo.

D'ardaigh leibhéil an fhoréigean in aghaidh na mban go mór i rith na paindéime. Bhí ardú 60 % i dtuairiscí an fhoréigin ar bhonn inscne do na soláthraithe seirbhísí i rith na dianghlasála 2020. Tuigeann Thandekile go maith an dochar a dhéanann a leithéid.

Covid-19

Bhí tionchar mór eile ag an Covid-19 ar na paistí taobh amuigh de bhás tragóideach an athar. Arsa Nomatter, 'Bhí na scoileanna dúnta i rith na dianghlasála. Chaitheamar an t-uafás ama sa bhaile, agus rinneamar obair an tí. Anois is féidir freastal ar an scoil, ach níl ann ach trí lá in ionad cúig chinn. Deirtear linn na lámha a ní go minic.

Caithimid clúdach aghaidh sa seomra ranga agus i dtimpeallacht na scoile. Nuair a thagaimid ar scoil glacann an múinteoir an teocht agus cuirtear díghalrán ar na lámha. Ní maith liom an clúdach aghaidh. Bíonn sé míchompordach agus nuair a bhím ag caint ní féidir leis an múinteoir mé a thuiscint i gceart. Is gráin liom an Covid agus tá súil le Dia agam go n-imíonn sé go luath.'

Deir an múinteoir Bothwell Maromo ó bhunscoil Nomatter go bhfuil tráma síceolaíoch ar na múinteoirí is ar na daltaí de bharr an Covid-19.

'Bhí eagla an domhain orainn go bhfaighimis féin, nó duine den mhuintir mhuirneach bás. Ní fhéadfaimis cuairt a thabhairt ar na gaolta. Bhí an scoil dúnta ar feadh sé mhí. Níor oscail sé ach ar feadh trí mhí sa bhliain 2020. Ba dhúshlán an-mhór a leithéid toisc gur tugadh an curaclam nua isteach sa bhliain 2020 agus ní raibh am go leor ag na páistí dul i ngleic leis. Chuir sé isteach go mór ar na paistí. Ní raibh deis acu na leabhair a léamh sa bhaile ar feadh sé mhí. Rinne cuid acu dearmad conas an léamh a dhéanamh, fiú.'

Ceaptar go raibh tionchar dearfach amháin ag an bpaindéim ar Nomatter. 'Ba mhaith liom a bheith im' altra nuair a fhásaim aníos, agus cabhrú leis na heasláin', ar sí, agus ardú meanman uirthi nuair a smaoiníonn sí ar an todhchaí. Ba mhaith léi a bheith ina haltra ag an ospidéal áitiúil. Tuigeann sí go gcabhraíonn na haltraí leis an bpobal trí chabhair a thabhairt do na heasláin, agus ba mhaith léi a bheith ar an gcuma chéanna leo.

Dóchas faoin Todhchaí níos Fearr

Tá Thandekile tiomanta d'aire cheart a thabhairt do na paistí. Thosaigh sí ag ceannach éadaí na mban, agus iad a dhíol le hairgead a dhéanamh. 'Is é mo ghuí go mbeidh go leor agam le freastal ar a gcuid riachtanas. Tá súil agam mar sin go dtiocfaidh fás ar an ngnó. Ba mhaith liom go leanfaidís ar scoil agus go n-éireodh go maith sa saol leo.'

Bhí Trócaire ag obair sa tSiombáib ó 1980 ar chabhair dhaonnúil, slándáil bhia, cumhachtú na mban, agus ar cheist chearta an duine. Bíonn

Caitheann Forward (8) clúdach aghaidh agus tástáiltear an teocht sula dtéann sé ar scoil. Grianghraf: Cynthia R. Matonhodze

Trócaire ag obair le pobal Thandekile i gcomhar leis na páirtithe Caritas Bulawayo. Thógadar gairdíní pobal ina gcuireann an mhuintir áitiúil glasraí, ina stóráiltear síolta, agus ina dtugtar ceachtanna a bhaineann le modhanna plandála agus bainistíocht an dobhardhroma. Cuirtear traenáil feasachta Covid-19 ar fáil chomh maith.

Arsa Thandekile, 'Is iad an bia agus an t-airgead, na tíolacthaí is mó a bhronnfadh daoine ar a chéile sa saol, toisc go mbímid ag brath orthu le fanacht beo. Is ábhar dóchais domsa é, mé féin a bheith ar an saol go fóill, tar éis na fulaingthe. Is cuma cad iad na deacrachtaí a bhíonn romhat sa saol, is gá éirí, leanúint leis an obair chrua ar son na bpáistí, agus a bheith dóchasach in aghaidh na ndeacrachtaí. Gabhaim buíochas le muintir na hÉireann as an gcabhair ar fad a thugann sibh dúinn. Lean leis an dea-obair'.

Nomatter (11) agus a dearthár Forward (8), ag siúl ar scoil sa tSiombáib. Grianghraf: Cynthia R. Matonhodze

CEACHT 6: FÁSAIMIS LE CHÉILE! TALMHAÍOCHT SA tSIOMBÁIB

Nóta don Oide: Beidh foghlaim bunaithe ar na cluichí in úsáid sa ghníomhaíocht seo, ionas go mbeidh feasacht agus tuiscint á fháil maidir leis na fadhbanna atá os comhair phobal na tuaithe sa tSiombáib. Tógann na gníomhaíochtaí ina dhiaidh sin ar na cluichí agus ar an mbuntáiste a bhaineann le cleachtadh na straitéise agra-éiceolaíocha a leanann Trócaire agus daoine eile sa tSiombáib.

OSPS Torthaí Foghlama: 2.5 scrúdú á dhéanamh ar chás-staidéar nó fianaise phearsanta ó dhaoine in áiteanna agus i gcomhthéacsanna éagsúla a fhulaingíonn ón mbochtaineacht nó ón éagothroime agus atá ag iarraidh iad a shárú. **2.10** measúnú a dhéanamh ar an mbealach ina bhféadfaidís cabhrú le freagairt dhearfach a thabhairt ar dhúshlán amháin atá os comhair an domhain faoi láthair.

GNÍOMHAÍOCHT 1: Fómhar don Todhchaí

Imir an cluiche cláir Fómhar don Todhchaí leis na daltaí. Is féidir é a íoslódáil anseo.

Mínigh na rialacha, agus tabhair 30 nóiméad don chluiche dóibh. Nuair a bhíonn críochnaithe acu, tabhair fianaise ar an gcluiche.

GNÍOMHAÍOCHT 2: Agra-éiceolaíocht

Breathnaigh ar an mbeochan Agra-éiceolaíocht: An Chéad Chéim Eile (sleamhnán 29). Iarr ar na daltaí na difríochtaí idir mhodh príomhshrutha an 20ú haois agus modh na hagra-éiceolaíochta a rá, agus scríobh na smaointe ar bhileog Oibre 3: Agra-éiceolaíocht.

Breathnaigh ar an bhfíseán Fásaimis le Chéile a chuireann síos ar an mbealach ina gcabhraíonn príomheilimintí na hagra-éiceolaíochta le córas bia láidir inbhuanaithe a thógáil. Abair leo nach mbeifí ag súil leis go gcuimhneoidís ar gach eilimint den agra-éiceolaíocht casta. Spreag iad le nóta a dhéanamh de na rudaí ar 'Bileog Oibre 3: Agra-éiceolaíocht' is mó a théann i bhfeidhm orthu. Roinn na prionsabail ó shleamhnán 30 den PowerPoint leo.

Obair shínithe

Féach ar na spriocanna SFI ar shleamhnán 9 den PowerPoint. Meabhraigh prionsabail na hagra-éiceolaíochta ar shleamhnán 30 dóibh agus iarr orthu na spriocanna a mbeadh tionchar deimhneach orthu a lua, dá gcuirfí an agra-éiceolaíocht i bhfeidhm go forleathan.

GNÍOMHAÍOCHT 3: Teacht Aniar

Is ríthábhachtach an rud é go mbeadh teacht aniar sa chóras bia ionas gur féidir é a thógáil ar bhonn inbhuanaithe. Bíonn dúshláin éagsúla roimh fhás an bhia in áiteanna éagsúla.

De bharr an athraithe aeráide beidh breis baistí agus tuilte in áit amháin, agus triomach in áit eile. Is céim mhór ar aghaidh é más féidir a chinntiú go bhfásfaidh barraí oiriúnacha in áit áirithe.

Sa tSiombáib, agus san Afraic chomh maith, bíonn bianna áirithe níos láidre agus níos cothaithí ná a chéile, agus bíonn siad níos oiriúnaí do na daoine a fhulaingíonn ón neamhdhaingne bhia dá bharr. Breathnaigh ar shleamhnán 25 den PowerPoint. An aithníonn na daltaí an bia? Cén fáth go mbeadh an bia seo oiriúnach do na pobail leochaileacha sa tSiombáib? Léigh an t-eolas faoin mbia atá le sonrú ar an sleamhnán leis na scoláirí.

BILEOG OIBRE 3: AGRA-ÉICEOLAÍOCHT

FÓCAS AR AN AGRA-ÉICEOLAÍOCHT

FÁSAIMIS LE CHÉILE

CEACHT 7: FÁSAIMIS LE CHÉILE! ÁR SCOIL

Nóta don Oide: Is cuid riachtanach den oideachas forbartha é a bheith ag súil le todhchaí níos fearr. Cabhraíonn an ghníomhaíocht seo leis na daltaí smaoineamh níos fearr a dhéanamh ar fhís don todhchaí, agus breathnú ar an toradh a bheadh ann mura mbeadh todhchaí feabhsaithe i ndán dúinn. Ba chabhair mhór é dá rachadh na daltaí i ngleic le gairdín scoile/pobail, nó ceann nua a bhunú dá mbeadh an fhéidearthacht ann. Is tionscnamh é seo de chuid Trócaire ar a dtugtar #GrowwithTrocaire. Ba mhaith linn eolas a fháil maidir leis na scoileanna ar fud na tíre atá ag obair le todhchaí inbhuanaithe a thógáil trí dhíriú ar an gcás áitiúil agus ar chleachtadh inbhuanaithe a chur i bhfeidhm ansin.

OSPS Toradh Foghlama: 2.10 an bealach ina bhféadfaí freagairt dhearfach a thabhairt do dhúshlán domhanda amháin a mheas.

GNÍOMHAÍOCHT 1: Fís don todhchaí

Déan dhá ghrúpa i measc na ndaltaí agus tabhair cás ón mbileog Bileog Oibre 4: Fís don Todhchaí an ghrúpa dóibh. Iarr orthu na ceisteanna seo a phlé maidir leis an gcás a bhfuaireadar:

- Cad iad na rudaí maithe/deacra a bhaineann leis an bhfís seo?
- Cé a bhainfeadh leas as, agus cé a chaillfeadh amach de réir na físe seo?

Iarr ar na grúpaí an fhís a tugadh dóibh a tharraingt, agus béim á leagadh ar an tionchar ar phobail na hÉireann, ar phobail thar lear agus ar an bpláinéad féin.

Cén gaol atá ann idir na pictiúir agus fís na ndaltaí don todhchaí? An bhfuil comhaontú ann maidir leis an rud atá á lorg acu? Déan liosta de na heilimintí is mó a mbeadh gá leo le todhchaí shona shláintiúil inbhuanaithe a thógáil. Conas mar a réitíonn an liosta leis na SFI? Bíodh vótáil agaibh leis an todhchaí is dócha a bheidh ann a roghnú. Cad a bheadh le déanamh againn le bheith cinnte faoi go dtarlódh an todhchaí inbhuanaithe?

GNÍOMHAÍOCHT 2: Gairdín Scoile/Pobail

Is áis fhoghlama iontach é an gairdín scoile/pobail do na daoine óga agus cabhraíonn sé leo páirt a ghlacadh i bhforás na scoile/an phobail. Is áis é le teagmháil a dhéanamh leis an nádúr agus le foghlaim faoin ngarraíodóireacht, faoin talmhaíocht, is faoin bhforaoiseacht.

Cabhraíonn gairdín na scoile le:

- Oideachas
- Bia sláintiúil a fhás
- Le timpeallacht shláintiúil a chruthú
- Spás a chruthú inar féidir le daoine caidreamh a dhéanamh leis an nádúr, agus gairdín na gcéadfaí a dhéanamh as
- Leis an gcóras bia inbhuanaithe
- Má bhíonn gairdín ar scoil agaibh, maith sibh agus lean leis an obair! Mura mbíonn, ba bhreá linn go nglacfadh sibh páirt i bhfeachtas Trócaire 'fás le chéile' sa bhliain 2022 le cabhrú leis an gcóras bia inbhuanaithe, agus le todhchaí inbhuanaithe a chruthú do chách. Bheadh dlúthpháirtíocht le Thandekile, lena clann agus leis na milliúin duine ar domhan a théann i ngleic leis an neamhdhaingne bhia á léiriú agaibh.

Éist leis an Caint TED seo maidir le feiniméin na garraíodóireachta guairillí a tháinig chun tosaigh le blianta beaga anuas, cé gur cuireadh i bhfeidhm é le fada an lá.

Nílimid ag moladh daoibh seilbh a ghlacadh gan aon chead ar thalamh na scoile, ach b'fhéidir go mbeadh áiteanna oiriúnacha ann do ghnéithe den gharraíodóireacht ghuairilleach, le difríocht mhór a dhéanamh. Ní gá barraí a chur, ach tor beag nó bláthanna, nó potaí a úsáid mura mbíonn spás glas agaibh. Cabhróidh gach planda a chuirtear le feabhas a chur ar domhan!

Nóta don Oide: Breathnaigh ar an bhfíseán sula bhfeiceann na daltaí é, le deimhin a dhéanamh de go bhfuil an teanga agus an teachtaireacht (an nóiméad deiridh ach go háirithe) oiriúnach.

Tá iliomad eagraíocht in Éirinn a chabhródh leat gairdín scoile a bhunú agus a choimeád. Ina measc tá:

https://greenschoolsireland.org/

https://www.biodiversityinschools.com/school-gardens.html

https://www.schoolearthed.ie/who-we-are.html

https://www.bordbia.ie/primary-school/organic-gardening-for-primary-schools/

https://schoolgardening.rhs.org.uk/resources/info-sheet/setting-up-a-school-garden

Le Déanamh

1) Taispeáin sleamhnán 36. Mínítear an bhrí a bhaineann le daingne bhia ar domhan. Iarr ar na daltaí a rá conas mar a chabhródh an agra-éiceolaíocht agus an gairdín scoile/pobail leis an smaoineamh seo.
2) Mura mbíonn gairdín pobail ar scoil agaibh cheana féin, breathnaigh thart an mbeadh áit oiriúnach ann le ceann a bhunú. Bí cinnte faoi, cead a fháil ón phríomhoide agus ó chomhairle na scoile.
3) Déan plean maidir leis an úsáid a bhainfear as. An mar mhaisiúchán don scoil é? An bhfásfar bia don cheaintín ann? Rud ar bith eile? An féidir é a nascadh le tionscadal scoile nó pobail atá ann cheana féin?
4) Bí cruthaitheach. An féidir prionsabail gharraíodóireacht ghuairilleach a chur i bhfeidhm (le cead) ar scoil? An bhfuil an acmhainn ann úsáid a bhaint as spásanna eile ar scoil, is cuma cé chomh beag nó mí-oiriúnach an chuma a bheadh orthu. Is féidir é a dhéanamh!
5) Garraíodóireacht ar leac na fuinneoige. Mura mbíonn mórán spáis agaibh, is bealach éasca a leithéid le tús a chur le cúrsaí. Oireann fás na luibheanna, na nglasraí beaga agus na raidisí don leac. Téigh chuig suíomh Eco-Schools le tuilleadh moltaí a fháil.
6) Roinn na tionscadail linn! Ba bhreá linn pictiúir, blaganna, scéalta, cluichí, cláir fhaisnéise, tvuíteanna, postálacha, rud ar bith a bheith againn. Teastaíonn uainn go mbeadh comhluadar scoileanna in Éirinn atá ag fás lena chéile le todhchaí inbhuanaithe a chruthú, agus go bhféadfaimis an comhluadar sin a cheangal leis an domhan mór. Bain úsáid as an haischlib **#GrowwithTrocaire** ar na meáin shóisialta, nó cuir ar an eolas muid anseo i Trócaire mar gheall ar dhul chun cinn na dtionscadal.

BILEOG OIBRE 4: FÍS DON TODHCHAÍ

Imeall na Tubaiste

An bhliain 2050 atá ann. Ó 2022 i leith bhí leisce ar na rialtais, cinntí tábhachtacha a dhéanamh maidir leis an athrú aeráide a stopadh, deireadh a chur le bochtaineacht agus troid in aghaidh na héagothroime. Samhlaíodh dóibh go bhféadfaí bainistíocht a dhéanamh ar na fadhbanna seo de réir a chéile gan idirghabháil mhór a bheith ann ón rialtas. Bhí dul amú orthu. Rinne an t-athrú aeráide scrios ar go leor pobal ar domhan. Theip ar an talmhaíocht ar fud an domhain agus níl go leor bia ann leis an bpobal a chothú. Faigheann daoine bás den ocras sa leathsféar theas, agus b'éigean dóibh na háiteanna cónaithe a thréigeadh. Tá go leor speiceas ainmhithe agus plandaí marbh anois, agus tá ag teip ar na barraí frithsheasmhach in aghaidh triomaigh fiú, de bharr na teochta criticiúla. Tá ag teip ar an soláthar breosla iontaise, cé go bhfuil an tomhaltas go mór i bhfeidhm go fóill. Ceannaíonn daoine na rudaí atá uathu, ach nach bhfuil gá acu leo, go fóill. Bíonn daoine ann a shéanann go bhfuil an milleán ar an gcine daonna as an athrú aeráide, agus gur gá cur suas leis, agus déileáil leis. Ag an am céanna tá na milliúin duine easáitithe ar fud an domhain, iad imithe as baile le héalú ó na torthaí is measa den athrú aeráide.

Socrú Teicneolaíoch

An bhliain 2050 atá ann. Ó 2022 i leith bhí suim thar an ngnáth ag daoine sa teicneolaíocht toisc go rabhthas ag súil leis go gcruthódh an teicneolaíocht úr agus an t-aireagán, domhan inbhuanaithe dúinn. Bhí aireagán iontach ann ó thaobh na talmhaíochta de. Tarlaíonn táirgeacht níos airde dá bharr, agus bíonn gá le níos lú de na feirmeacha beaga ar domhan. Táirgeann na hollfheirmeacha níos mó bia ná riamh. Baineann costas ard leis an teicneolaíocht, áfach. Níl sé ar acmhainn ach ag na tíortha saibhre an teicneolaíocht sin a bheith acu. Tá deireadh leis an talmhaíocht i gcuid mhaith tíortha sa leathsféar theas, dá bharr san. Chuir an t-athrú as go mór do na tíortha sin. Bíonn go leor bia ar domhan, ach caithfear é a sheachadadh in aghaidh na seachtaine chuig réimse leathan tíortha, i longa ollmhóra coimeádán. Baintear úsáid éagsúil anois as an talamh a bhíodh ag na feirmeoirí. Tógtar tithe ar chuid mhaith de le freastal ar an daonra domhanda atá ag ardú i gcónaí. Tá 10 mbilliún duine ina gcónaí ar domhan faoi láthair.

Maireachtáil Inbhuanaithe

An bhliain 2050 atá ann. Ó 2022 i leith, tá athruithe móra curtha i bhfeidhm ag na rialtais, san áit oibre, sna scoileanna, agus sa bhaile. Tá laghdaithe ar an mbearna idir lucht an rachmais agus na bochtáin, toisc go bhfuil tuiscint níos fearr ann na laethanta seo maidir leis an tábhacht a bhaineann le meas ar chearta an duine a léiriú, le deis chothrom a thabhairt do chách a bheith ag cónaí i bpobal slán, a bheith sláintiúil, agus a cuid mianta a chur i gcrích. D'éirigh linn deireadh a chur leis na tionchair ba mheasa a bhain leis an athrú aeráide toisc gur thuigeamar go dtagann feabhas ar ár saol féin má thugaimid aire cheart don timpeallacht, do dhaoine eile agus do na glúine atá le teacht. Caitheann daoine níos mó ama taobh amuigh de na tithe anois, ag baint taitnimh as an nádúr, agus ceaptar go bhfuil daoine níos sona ná mar a bhídís tráth. Tá gairdíní scoile agus pobal le sonrú i ngach áit. Baineann áilleacht leis na spásanna glasa agus baintear úsáid astu le bia sláintiúil a fhás don phobal áitiúil. Cé go bhfuil daonra de 10 mbilliún ar domhan, tá rochtain níos fearr ná riamh ag daoine ar go leor bia sláintiúil a bheith acu.

CEACHT 8: GNÍOMHAIRÍ ATHRAITHE

Nóta don Oide: Tá bosca cluiche ar fáil ó Trócaire a chabhróidh le cruthú na gcluichí. Le bosca a ordú, iarr ar: stephen.farley@trocaire.org. Is féidir ábhar ar bith a úsáid, ábhar athchúrsáilte san áireamh. Ba chuma linn an cluiche teacht chugainn ar chúl bhosca ghránaigh! Ba bhreá linn cluichí a bheadh bunaithe ar an agra-éiceolaíocht nó ar an tslándáil bhia a fháil. Is féidir leis na daltaí na hiarrachtaí a chur isteach ar an gcomórtas 'Gníomhairí Athraithe' mar a luaitear anseo. Cuirtear ceardlanna deartha cluichí ar fáil do ghrúpaí ar mhaith leo cur isteach ar an gcomórtas. Le háit a fháil ar cheardlann téigh le bhur dtoil chuig: gamechangers@trocaire.org.

OSPS Torthaí Foghlama: 2.10 measúnú a dhéanamh ar an mbealach inar féidir leo freagairt dhearfach a thabhairt do dhúshlán amháin atá os comhair an domhain faoi láthair.

GNÍOMHAÍOCHT 1: Cruthaigh do Chluiche Féin

Cuir na ceisteanna seo ar na daltaí:

- Cén sórt cluichí a imríonn sibh? Samplaí: Cluichí cláir, cluichí cártaí, cluichí físe.
- Cad iad comhpháirteanna na gcluichí sin? Samplaí: dísle, licíní, cártaí, luchóg, rialtán, clár, amadóir, peann.
- Cad is ainm do na cluichí sin? Freagraí Samplacha: Snap, Snakes and Ladders, FIFA 20.
- Cad iad téamaí na gcluichí? Freagraí Samplacha: cogadh, airgead, stair, spórt.

Ba cheart go spreagfadh cluichí oideachas forbartha Trócaire sibh le bhur gcluichí féin a chruthú.

- Roinn na daltaí i ngrúpaí.
- Déan ransú smaointe ar théamaí.
- Nuair a bhíonn tuairim faoin gclár acu, cuirtear na ceisteanna:
  1) Téama/Comhthéacs: Cad é teachtaireacht an chluiche? (Neamhdhaingne Bhia, Covid-19, athrú aeráide)
  2) Insint: Cén scéal a ríomhtar sa chluiche?
  3) Dinimic: Cad a tharlaíonn sa chluiche? (briathra agus gníomhaíochtaí)
  4) Meicnic: Cad iad rialacha an chluiche? (sonraí, teorainneacha)
  5) Comhpháirteanna: Na hábhair choincréiteacha, na hacmhainní riachtanacha? (cártaí, dísle, licíní, pinn, clár)
  6) Físigh: Cén cruth atá ar an gcluiche? (dath, dearadh, íomhánna, téacs)

Measúnú chun Foghlama

Tabhair cuireadh dóibh:

- An cluiche a thástáil le daltaí eile, le cairde, sa bhaile.
- Scóráil cluichí a chéile as 10.
- Bronn dhá réalta agus guí – dhá rud dheimhneacha a rá faoin gcluiche agus rud amháin le feabhsú.

Éisteadh na daltaí leis an aiseolas, mionathruithe a chur i bhfeidhm agus tástáil imeartha eile a dhéanamh!

Caithfidh gach iontráil a bheith faighte againn faoi 8 Aibreán 2022 i gcatagóir mar seo:

Bunscoil Shinsir | **Iar-bhunscoil** | **Grúpa Óige**

Conas a chuirtear isteach ar an gcomórtas?

Is féidir leis an duine aonair, an grúpa nó an rang, cluiche a chruthú. Caithfidh gur imir daoine eile an cluiche chomh maith; cairde, do mhuintir, daoine óga ar scoil.

Breis eolais faoi Ghníomhairí Athraithe 2021, an clár agus an comórtas, treoir don oide, foirm iontrála, samplaí na mbuaiteoirí roimhe seo ar fáil ag: trocaire.org/gamechangers

IS É TRÓCAIRE GNÍOMHAIREACHT FHORBARTHA THAR LEAR NA hEAGLAISE CAITLICÍ IN ÉIRINN

Tá breis acmhainní oideachas forbartha a phléann le cearta an duine agus leis na spriocanna forbartha inbhuanaithe ar fáil ag: trocaire.org/our-work/educate/post-primary/

Curtha ar fáil ag an bhfoireann Oideachas Forbartha, Trócaire, 2022. Údar: Stephen Farley. Buíochas ó chroí leis na hoideachasóirí a chabhraigh leis an acmhainn seo a chur le chéile agus a thriail.

Grianghraf an Chlúdaigh: Forward (8) agus a dheirfiúr Nomatter (11), le greim láimhe ar a chéile i gcúige an deiscirt Matabeleland, an tSiombáib. Grianghraf: Cynthia R. Matonhodze

Bí linn ar:

Facebook: facebook.com/trocaireireland – bí i dteagmháil

Twitter: twitter.com/trocaire – na tvuíteanna is déanaí

YouTube: youtube.com/trocaire – tacaíonn sibh leis na daoine seo

Vimeo: vimeo.com/trocaire – féach ar na físeáin

Instagram: instagram.com/trocaireonline – físeáin agus grianghraif

Bí i dteagmháil:

Trócaire, Maigh Nuad,
Co. Chill Dara, Éire
F: +353 (0)1 629 3333
R: Stephen Farley, Oifigeach Oideachas Forbartha Iar-bhunscoile: stephen.farley@trocaire.org

Trócaire, 50 Sráid an Rí,
Béal Feirste BT1 6AD,
Tuaisceart Éireann
F: +44 (0) 28 90 808 030
R: infoni@trocaire.org

Trócaire, 9 Sráid an
Chócaigh, Corcaigh, Éire
F: +353 (0)21 427 5622
R: corkcentre@trocaire.org

www.trocaire.org

Irish Aid
An Roinn Gnóthaí Eachtracha
Department of Foreign Affairs

Aithníonn Trócaire go buíoch an tacaíocht a thugann Cúnamh Éireann dúinn agus a chuireann ar ár gcumas imeachtaí Oideachas Forbartha agus Rannpháirtíocht an Phobail a chur ar fáil in Éirinn. Tá an fhreagracht ar na húdair as an ábhar, as na bealaí oibre agus as na gníomhaíochtaí a léirítear san acmhainn seo, agus ní gá go mbeidís ag réiteach le polasaithe Cúnamh Éireann.

Glacann Trócaire go mór chugainn féin na dualgais atá orainn maidir le do shonraí pearsanta, agus táimid tiomanta chuige, cloí leis an dlí náisiúnta agus idirnáisiúnta um chosaint sonraí, siad sin An tAcht um Chosaint Sonraí 1988–2018 agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS – uathrialaithe i mballstáit AE Bealtaine 2018). Le breis eolais a fháil maidir leis an mbealach ina ndéanaimid do chuid sonraí a phróiseáil is a chosaint, téigh chuig trocaire.org/privacy-security nó is féidir cóip den ráiteas príobháideachta a lorg uainn.

TAG: PP1